Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7101/22**

**CCG 15**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6500/22 ADD 1 CCG 7 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) iad ag an 3855ú cruinniú dá cuid an 15 Márta 2022.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

## I. Réamhrá agus ráitis ghinearálta

1. CUIREANN SÍ I dTREIS gur príomhluamháin iad creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil[1] chun spriocanna beartais tosaíochta a bhaint amach don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit. Áirítear ar na spriocanna sin Eoraip láidir thionsclaíoch a thógáil, agus an t-aistriú chuig íseal-astaíochtaí gás ceaptha teasa, a áirithiú ag an am céanna. Níos cruinne fós, tá creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ríthábhachtach d'iomaíochas tionsclaíoch domhanda na hEorpa agus iad ag tacú le cuideachtaí Eorpacha dul san iomaíochas le haghaidh conarthaí agus tionscadail thar lear agus ar an gcaoi sin poist agus fás a chur ar fáil, lena n-áirítear d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, ar fud Bhallstáit an Aontais. Trí chothrom na féinne a áirithiú go domhanda, cabhraíonn creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil le tuilleadh comhair thionsclaíoch a chur chun cinn mar aon le forbairt níos tapúla ar phríomhearnálacha nua laistigh den Aontas. Ina theannta sin, cinntíonn siad nascacht dhomhanda fheabhsaithe. Tá creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ríthábhachtach freisin chun cur ar chumas na mBallstát an t-aistriú glas a mhaoiniú agus chun tacú le tionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

[1] Sa téacs seo tagraíonn 'creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil' do chreidmheasanna onnmhairiúcháin a thagann faoi Shocrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann Ballstáit an Aontais agus Gníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin (GCOnna) na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ar fáil agus is léir na gníomhaireachtaí sin a bheith ríthábhachtach chun tacú le hiomaíochas onnmhairí an Aontais. Mar sin féin, tá na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil faoi bhrú ag athruithe tapa sa gheilleagar domhanda agus ag teannas sa chreat iltaobhach. Thairis sin, déantar mór-rialáil ar na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a thionscnaíonn Ballstáit an Aontais, go háirithe trí Shocrú ECFE maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ('Socrú ECFE') agus Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011. Níl a dhóthain nuachóiriú déanta ar na smachta sin, i bhfianaise an fhoráis atá tagtha ar shlabhraí luacha domhanda agus i bhfianaise na hiomaíochta idirnáisiúnta ó thíortha neamh-ECFE. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, cé go bhfuil breis dul chun cinn déanta sa chaibidlíocht ar Shocrú ECFE, nach bhfuil siad ag teacht fós leis an luas a éilítear mar gheall ar thimpeallachtaí athraitheacha eacnamaíocha agus aeráide.

3. TUGANN SÍ FAOI DEARA go n-oibríonn gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin (GCOnna) go dlúth leis an margadh príobháideach agus go bhféachann siad le comhoibriú níos mó le chéile laistigh den Aontas, agus le soláthraithe eile tacaíochta airgeadais (infheistíochtaí agus forbairt) san Aontas, i gcomhréir lena gcuspóirí agus lena sainorduithe faoi seach.

4. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil i dtaobh athrú i bpátrúin infheistíochta chuig tionscadail atá neodrach agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus tacú leis an athrú sin; MEABHRAÍTEAR DI Conclúidí ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide, inar iarr an Chomhairle ar na 'Gníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin sin nach raibh sin déanta acu go fóill dátaí uaillmhianacha a leagan síos chun straitéisí ailínithe le Comhaontú Pháras a ghlacadh roimh COP26 agus maoiniú breise don troid i gcoinne an athraithe aeráide a shlógadh, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach'. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcaithfidh athrú teacht ar na rialacha a luaithe is féidir má tá na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil le ról a imirt san aistriú glas.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil feasacht faoi chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil ag ardú de réir a chéile laistigh den Aontas agus an dul chun cinn atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, lena n-áirítear rannchuidiú leis an bhfreagairt eacnamaíoch ar phaindéim an choróinvíris[2].

6. TACAÍONN SÍ leis an bplean gníomhaíochta a mhúnlaigh an mheitheal mhachnaimh um an tSaotharlann maidir le Maoiniú Onnmhairiúcháin[3] i mí Iúil 2020 leis an bPáipéar Bán maidir le Maoiniú Onnmhairiúcháin Poiblí san Aontas. AONTAÍONN SÍ leis an trí chur chuige agus leis na moltaí beartais maidir leis an mbealach chun cinn, eadhon: straitéis chuimsitheach de chuid an Aontais a cheapadh do mhaoiniú poiblí d'onnmhairiúcháin, do thrádáil agus d'infheistíochtaí; ceannródaíocht a léiriú agus príomhsholáthraithe airgeadais oifigiúil a thabhairt isteach chun sraith rialacha domhanda a fhorbairt don mhaoiniú onnmhairiúcháin poiblí; straitéis a fhorbairt chun leas a bhaint as maoiniú onnmhairiúcháin ar bhonn tiomnaithe chun tacú le slógadh caipitil don aistriú glas. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil sí toilteanach na trí phríomhchuspóir sin a shaothrú.

7. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a bheith chun tosaigh maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin athraitheacha sin.

## II. <u>Comhshocrú Aeráide an Aontais maidir le maoiniú onnmhairiúcháin</u>

8. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil i dtaobh athrú in infheistíochtaí chuig tionscadail atá neodrach agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus tacú leis an athrú sin. ADMHAÍONN SÍ gur gá beartais maidir le creidmheas onnmhairiúcháin a oiriúint dá réir, ar mhaithe leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcomhcheanglófaí, leis an oiriúnú sin ar bheartais onnmhairiúcháin, bearta chun deireadh a chur de réir a chéile leis an tacaíocht a thugtar do thionscadail in earnáil an fhuinnimh breosla iontaise i gcomhréir le míreanna 11 agus 12, dreasachtaí chun feabhas a chur ar an tacaíocht do thionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus níos mó trédhearcachta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

[2] Féach san Iarscríbhinn 'tuarascáil 2021 ar na forbairtí i gcóras maoinithe onnmhairiúcháin an Aontais'

[3] Áirítear ar na comhaltaí de ExFi Lab saineolaithe ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Fhionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Ostair, ón tSlóvaic, ón tSualainn, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhaontú a rabhthas ag tnúth leis le fada agus ar ar thángthas i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun deireadh a chur, i Socrú ECFE, leis an tacaíocht do chreidmheas onnmhairiúcháin do ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe neamh-mhaolaithe.

10. AITHNÍONN SÍ an fhianaise eolaíoch is déanaí maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear na conclúidí ó Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IPCC), agus an tuarascáil *Net Zero by 2050* [Neodracht Carbóin faoi 2050] ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, a léiríonn go soiléir an gá atá le srian a chur ní hamháin le gual ach le breoslaí iontaise eile freisin.

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús a chur le plé le rannpháirtithe Shocrú ECFE chun teacht ar chomhaontú maidir le deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail in earnáil an fhuinnimh breosla iontaise, le cois an ghuail agus lena n-áirítear tionscadail ola agus gáis nádúrtha, ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach leis an teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras.

12. Go dtí go mbeidh toradh ar an bplé sin ar leibhéal ECFE, FÓGRAÍONN SÍ leis seo go bhfuil rún ag na Ballstáit a spriocdhátaí eolaíochtbhunaithe féin a chinneadh ina mbeartais náisiúnta faoi dheireadh 2023 chun deireadh a chur le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do thionscadail san earnáil fuinnimh breosla iontaise[4], ach amháin i gcúinsí teoranta a shaineofar go soiléir atá comhsheasmhach leis an teorainn téimh 1.5°C agus le spriocanna Chomhaontú Pháras.

13. IARRANN SÍ go gcuirfí sásraí airgeadais isteach i Socrú ECFE chun tionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a dhreasú; mar shampla éarlaisí níos ísle, aibíochtaí níos faide, nó coigeartú sonrach rioscabhunaithe ar phréimheanna; MEASANN SÍ gurb í tacsanomaíocht an Aontais, de réir mar is infheidhme go dtí seo, an tagarmharc ábhartha chun tionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint.

[4] Eadhon tionscadail taiscéalaíochta, táirgthe, iompair, stórála, scagtha, dáilte guail, amhola, gáis nádúrtha agus giniúna cumhachta neamh-mhaolaithe.

14. FÓGRAÍONN SÍ toilteanas na mBallstát cur lena dtuairisciú bliantúil chuig an gCoimisiún de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 1233/2011, trí athbhreithniú dírithe ar an aeráid a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil faoi seach, earnáil ar earnáil de réir modheolaíochta comhaontaithe a shaineofar faoi dheireadh 2023.

## III. <u>Cothrom na Féinne ar fud an domhain agus nuachóiriú ar Shocrú ECFE.</u>

15. MEABHRAÍONN SÍ go gcuireann ECFE fóram ar fáil chun smachta airgeadais i gcomhair creidmheasanna onnmhairiúcháin a chothabháil agus a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu, mar a leagtar amach i Socrú ECFE agus faoi chuimsiú Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh. Sonraítear i Socrú ECFE na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha airgeadais is flaithiúla is féidir le Rannpháirtithe a thairiscint agus creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil á gcur ar fáil acu.

16. MEASANN SÍ go bhfuil méadú ag teacht ar an dúshlán do Shocrú ECFE ó mhaoiniú atá ag teacht ó thíortha neamh-ECFE nach bhfuil faoi cheangal ag an Socrú. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an iomaíocht lasmuigh de Shocrú ECFE ag dul i méid agus gur dúshlán í, ní hamháin don Aontas agus a Bhallstáit, ach do ECFE i gcoitinne freisin. IS OTH LÉI nach raibh an Mheitheal Idirnáisiúnta um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin in ann teacht ar chomhaontú maidir le comhsmachta airgeadais níos leithne do chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil in ainneoin blianta fada caibidlíochta agus gur cuireadh an chaibidlíocht sin ar fionraí go dtí go dtiocfar ar chomhthoil maidir le bunghnéithe na smacht sin.

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil móiminteam nua ann idir na Rannpháirtithe chun nuachóiriú Shocrú ECFE a bhrú ar aghaidh. MEABHRAÍTEAR DI an Comhchreat don Nuachóiriú ar Shocrú ECFE a chomhaontaigh na Rannpháirtithe i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus TACAÍONN SÍ leis an obair leanúnach ar thosaíochtaí an nuachóirithe.

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil uaillmhian ag an Aontas próiseas nuachóirithe Shocrú ECFE a chur chun cinn, ionas nach gcuirfear moill air mar gheall ar chreat, atá as dáta, do chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur chun leas an Aontais é go mbeidh torthaí iarbhír ann go luath ar an nuachóiriú, ar ar chuir na Rannpháirtithe tús leis an bplé in 2019.

19. Go dtí go ndéanfar an nuachóiriú, FÓGRAÍONN SÍ toilteanas na mBallstát gach aon ní is féidir a dhéanamh, laistigh de chreat dlíthiúil Shocrú ECFE chun a n-iomaíochas a mhéadú. Go sonrach, agus ardleibhéal rannpháirtíochta á choinneáil i bpróiseas nuachóirithe Shocrú ECFE, tá na Ballstáit sásta clásal comhoiriúnúcháin Shocrú ECFE a úsáid chuige sin, féachaint ar bhealaí chun an comhar a fheabhsú agus trédhearcacht a mhéadú i measc na mBallstát agus idir na Rannpháirtithe i Socrú ECFE agus tairiscintí iomaíocha ó neamh-rannpháirtithe á gcomhoiriúnú acu.

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil sí sásta breathnú ar na féidearthachtaí díriú arís ar leasanna straitéiseacha agus tionsclaíocha Eorpacha agus ar an mbealach is fearr chun freastal orthu go neamhspleách i gcás nach mbeadh luas an dul chun cinn idir na Rannpháirtithe maidir le nuachóiriú sásúil.

## IV. Straitéis an Aontais maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin

21. IS DÍOL SÁSAIMH DI Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Trádála inar gheall an Coimisiún 'na roghanna a fhiosrú do straitéis an Aontais maidir le creidmheas onnmhairiúcháin', lena n-áirítear saoráid an Aontais maidir le creidmheas onnmhairiúcháin agus comhordú feabhsaithe uirlisí airgeadais an Aontais.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS go dtacaíonn sí le hanailís a dhéanamh ar an deis a thabharfaí le comhordú feabhsaithe agus saoráid creidmheasanna onnmhairiúcháin de chuid an Aontais mar chomhlánú ar shaoráidí náisiúnta creidmheasanna onnmhairiúcháin, ar chabhair um fhorbairt, agus ar thacaíocht infheistíochta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus go háirithe ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil obair an Choimisiúin maidir le comhordú feabhsaithe ar uirlisí airgeadais an Aontais ag bogadh ar aghaidh agus tathantaíonn sí go ndéanfaí dul chun cinn mear chun an cuspóir sin a bhaint amach.

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Staidéar Féidearthachta ar straitéis an Aontais maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin atá á dhéanamh thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh; CREIDEANN SÍ gur deis é an staidéar féidearthachta sin chun fáthmheas cuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais onnmhaireoirí an Aontais agus ar an luach a bheadh le hidirghabháil fhéideartha ar leibhéal an Aontais; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbeidh na Ballstáit agus geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach i gcéim an fháthmheasa agus i ndearadh aon fhreagartha beartais.

24. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart, le dearadh aon saoráide de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann, díriú ar aghaidh a thabhairt ar chlistí sa mhargadh agus ar bhearnaí institiúideacha agus ar shineirgí luachmhara a d'fhéadfadh a bheith ann in iomlán an Aontais chun tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún clistí agus bearnaí den chineál sin a shainaithint, ag féachaint ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin agus ar uirlisí maoinithe forbraíochta araon.

25. DÍRÍONN SÍ AIRD ar acmhainneachtaí éagsúla dul i riosca na GCOnna náisiúnta agus ar an gcaoi a bhféadfaí iad a fheabhsú trí chomhroinnt riosca trí atháracha mar shampla, agus ar iompar dí-rioscúcháin na mbanc tráchtála maidir le hiasachtaí a thabhairt d'earnálacha nó do thíortha áirithe a mbíonn tionchar acu ar an trádáil.

26. MEABHRAÍTEAR DI Conclúidí ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le 'hEoraip Nasctha Dhomhanda' inar leagadh béim ar an ngá go saothródh an tAontas cur chuige geostraitéiseach domhanda. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2021 dar teideal '*The Global Gateway'* [An Tairseach Dhomhanda]. TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar thaithí agus ar ról lárnach na GCOnna náisiúnta maidir leis an gcaipiteal príobháideach agus na geallsealbhóirí is gá a shlógadh do chur chun feidhme rathúil straitéis 'Global Gateway' an Aontais.